



Aonad 3

Scripteanna

Aonad 3 Mír físe 1

Aodh Ó Gallchóir

Fiú ó bhí mise i mo thachrán, déarfainn, bhí suim agam i gcónaí a bheith amuigh faoin aer. Bhí na cnoic agus na sléibhte thart orainn i gcónaí. Ba ghnách liom léar mór¹ ama a chaitheamh ansin sna crainn, sna sléibhte agus sna cnoic – na rudaí sin uilig.

Bhog mé go Baile Átha Cliath ansin, b'fhéidir, seacht mbliana ó shin agus maram,² ag an am, níor thaitin, b'fhéidir, saol na cathrach an oiread sin liom agus bhí sléibhte Chill Mhantáin ansin díreach ar leac an dorais agus deis iontach a bhí ansin éalú ag an deireadh seachtaine. Pléisiúr a bhaint as an tsaol, éalú ón chathair agus ón bhrú uilig agus ón obair agus achan rud eile.

Sin, b'fhéidir, an rud is fearr liom ar fad faoin tsléibhteoireacht, is dócha. Bíonn deis agam a dhul amach. Cineál, deis mhachnaimh a bhíonn ansin. Bíonn faill agam a bheith ar shiúl liom ar feadh cúig, sé uair an chloig gan duine ar bith cur isteach orm ná rud ar bith mar sin. Agus sílim, laethanta mar sin, fiú abair anois má théim amach le cairde de mo chuid – bhuel, ní minic a bhíonn deis mar sin agam. B'fhéidir, cúpla uair an chloig a chaitheamh le daoine ansin agus dreas ceart cainte a dhéanamh agus gan rud ar bith eile a bheith ag cur isteach nó amach orainn. A bheith ag caint le chéile agus mar sin de. Agus fiú ansin, na rudaí beaga simplí sin, an lón a bhíonn³ liomsa an Satharn sin agus mé amuigh ag siúl sna sléibhte, bainim níos mó suilt as an cheapaire sin ná mar a bhainim as béile ar bith a bhíonn agam i rith na seachtaine, sílim.

So tá sin ann agus ansin tá aclaíocht ann. Déarfainn, ó thaobh mo chuid folláine de, m'intinn féin, go gcuireann sé ar mo shuaimhneas mé. Mar sin, aclaíocht iontach atá ann fosta a bheith amuigh ansin ar feadh cúpla uair an chloig mar sin. So téim amach go Cill Mhantáin go minic. Téim síos go Port Láirge corruair. Suas go Contae an Dúin. Suas 'na bhaile amantaí⁴ eile. Is dócha, leithscéal maith atá ann fosta, b'fhéidir, a dhul áiteachaí⁵ éagsúla sa tír nach rachainn ach amháin go bhfuil an oiread sin suime agam sa tsléibhteoireacht. Déarfainn féin go bhfuil go leor buntáistí ag baint leis mar chaitheamh aimsire agus ina dhiaidh sin uilig tá sé saor in aisce fosta.

1 ...léar mór... Leagan Ultach de 'lear mór', is é sin 'neart', 'cuid mhór.'

2 ...maram... Is giorrúchán é seo den fhrása 'gabhaim orm', a chiallaíonn 'dheamhan focal bréige'.

3 ...a bhíonn... Ceann de na foirmeacha coibhneasta den bhriathar 'bí' a bhíonn le cluinstitín i nGaeilge Uladh, chomh maith le 'a bhíos' agus 'a bíos.' Tá an leagan áirithe seo iontach coitianta i nGaeilge Chonamara fosta.

4 ...amantaí... Leagan Ultach de 'amanna'.

5 ...áiteachaí... Leagan Ultach de 'áiteanna'.

Aonad 3 Mír físe 2

Aodh Ó Gallchóir

Nuair a thosaigh mé ar dtús, b'fhéidir, ar an tsléibhteoireacht, níor thuig mé, b'fhéidir, na contúirtí a bhain leis. B'fhéidir nach raibh mé cúramach go leor. B'fhéidir, go díreach, go raibh mé níos óige. Níl a fhios agam ach sin mar a bhí. Dóbair domh¹ a dhul ar strae go measartha minic, sílim, i dtús báire. Anois, tá mé i bhfad níos cúraimí. Bíonn mála liom i gcónaí, bíonn an trealamh ceart liom – na rudaí sin uilig. So ní rómhinic anois a bhraithim go bhfuil mé i gcontúirt agus is dócha go bhfuil mé féin níos fearr ag gabháil de² fosta.

Is cuimhin liom ansin lá amháin, ceart go leor, bhí i mé i gCill Mhantáin. Thoisigh mé ansin ag Loch Té – tá loch cáiliúil ansin ar le muintir Guinness é. Chuaigh mé suas ansin go Log an Lá. An plean a bhí agam ná a dhul ó dheas ansin go Cnoc na Clochóige. Is dócha, nuair a bhí mé ag dul ó dheas ansin, chonaic mé go raibh ceo ag teacht isteach ach is dócha nuair a bhíonn sprioc agamsa bímse righin go maith anois. So lean mé ar aghaidh agus suas liom go Cloch na Clochóige cá bith. Agus tá carn ansin agus faoin am a bhain mé an carn sin amach ní raibh mé ábalta a dhath a fheiceáil thart orm. Ní raibh, ach b'fhéidir, déarfainn go raibh níos lú ná deich meadar ansin a bhí mé ábalta a fheiceáil. So thoisigh mé cá bith agus rinne mé iarracht – tá cosán ansin agus bhí mé ag iarraidh an cosán sin a aimsiú le bun an tsléibhe a bhaint amach. Ach níor éirigh liom agus shíl mé, go mbeadh sé, b'fhéidir, go mbeadh sé níos gaiste,³ gur aicearra⁴ a bheadh ann a dhul síos ceann de na clasáin seo ar thaobh an chnoic.

Chuaigh mé síos, b'fhéidir, leath bealaigh agus faoin am a bhain mé an pointe sin amach, chonaic mé nach raibh idir mé féin agus an talamh ach titim dhíreach i ndáiríre. So b'éigean domh pilleadh ansin agus chuaigh mé suas arís go barr an tsléibhe. D'fhan mé ansin tamallt. Bhí sé fuar go maith an lá sin, ach mar a dúirt mé, bíonn trealamh liom i gcónaí. Bíonn na héadaí cearta liom. Bíonn na bróga cearta orm agus mar sin de. So d'éirigh liom sa deireadh mo bhealach a dhéanamh 'na bhaile. Bhí mé go breá, ach, is dócha, ceacht a bhí ansin fosta gur gá a bheith níos cúraimí agus, b'fhéidir, a bheith ullmhaithe, a bheith réidh i gcónaí.

- 1** *Dóbair domh...* Is é a deirtear i dTír Chonaill, 'hobair domh'. Is ionann 'Dóbair domh dul ar strae' agus 'Ba bheag nach ndeachaigh mé ar strae.'
- 2** *...ag gabháil de...* 'Ag gabháil dó' a deir Aodh.
- 3** *...níos gaiste...* Leagan Ultach de 'níos gasta'.
- 4** *...aicearra...* Deir Aodh an focal amhail is gur 'aichearra' a bheadh ann.